

Príomhréimsí Roghnaithe Caiteachais don bhliain 2022

Leagtar amach thíos achoimrí ar na príomhréimsí caiteachais. Leagtar amach i gCuid II den Tuarascáil seo sonraí i ndáil leis na seirbhísí a chuirfidh na Ranna ar fad ar fáil.

Infheistíocht i dTacaíochtaí Caiteachais Reatha ó Lá go Lá

Coimirce Shóisialach

D'fhonn na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint, cuirfidh an Rialtas leithdháileadh €22.25 billiún i mbunchaiteachas reatha ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí. Ina theannta sin, áireofar €1.1 billiún sa leithdháileadh do chaiteachas i ndáil le tacaíocht ioncaim i leith Covid-19 agus i ndáil leis an síneadh a chuirfear leis an SFPF go dtí deireadh mhí Aibreáin na bliana seo chugainn. Áirítear €558 milliún i maoiniú sa bhunchaiteachas do bhearta Buiséid lena n-áirítear:

- méadú ginearálta €5 ar ráta d'fhaighteoirí in aois fostaíochta agus in aois phinsin (agus méaduithe comhréireacha do dhaoine cáilithe agus do dhaoine ar rátaí níos ísle íocaíochta);
- méadú €2 ar an ráta do Leanaí Cáilithe i ndáil le leanaí faoi 12 bliain d'aois agus méadú €3 ar an ráta i ndáil le leanaí 12 bliain d'aois agus níos sine;
- méadú €3 ar an liúntas maireachtála aonair;
- méadú €5 ar an liúntas breosla;
- cuirfear coicís bhreise le tréimhse Sochair Tuismitheora ó mhí Iúil na bliana seo chugainn ar aghaidh;
- bearta chun tacú le cúramóirí agus le daoine faoi mhíchumas lena n-áirítear méadú sa neamhaird ioncaim agus sa neamhaird chaipitil maidir le liúntas do chúramóirí agus cuirfear síneadh leis an tréimhse inar féidir liúntas cúraim baile a íoc.

Sláinte

€22.2 billiún atá sa leithroinnt foriomlán Sláinte don bhliain seo chugainn agus coinneofar €0.2 billiún breise sa chiste cúltaca.

Leagtar béim leis an infheistíocht shuntasach seo ar thiomantas an Rialtais i dtaobh Sláintecaire a sheachadadh; an t-athleasú forásach atá á dhéanamh ar an gcóras sláinte chun cúram sláinte uilíoch a chur i bhfeidhm mar aon le trí chomhpháirt riachtanacha an chórais sin: rochtain, inacmhainneacht agus caighdeán.

Cuirfear €1 billiún breise i mbunmhaoiniú ar fáil leis an réiteach foriomlán, €0.8 billiún do chaiteachas a bhaineann le Covid (móide €200m i gciste teagmhais Covid). Áirítear sa mhaoiniú atá leithdháilte do Covid-19 €500 milliún do thástáil agus do rianú, don chlár vacsaínithe, agus do PPE.

Éascófar a bhfuil fágtha den fhoireann bhreise, a díródh orthu i mBuiséad 2021, a fhuilliú leis an méadú €1 billiún i mbunmhaoiniú (tuairim is 7,200) móide soláthar foirne breise

d'fhorbairtí nua i mBuiséad 2022 (tuairim is 750). Beidh maoiniú ar fáil an chéad bhliain eile do phacáiste sláinte tiomnaithe do mhná, d'fhonn dul i ngleic le dúshlán an liosta feithimh, d'fhonn síneadh a chur le cúram lia-chleachtóirí do leanaí 6 bliana agus 7 mbliana d'aois, tairseach na Scéime Íocaíochta Drugaí a íslíú go dtí €100, soláthar a dhéanamh do scéim fiaclóireachta do shealbhóirí an chárta leighis, chomh maith le muirir phéidiatraiceacha ospidéil a laghdú.

Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Léiríonn an leithdháileadh do bhunchaiteachas reatha nach mór €2.6 billiún méadú 8% ar leithdháileadh do bhunchaiteachas reatha na bhliana 2021. Déanfaidh an maoiniú breise sin maith i dtaobh riachtanais tithíochta agus maoiníochta caiteachas breise ar sheirbhísí easpa dídine.

Mar thoradh ar thacaíochtaí na bliana 2022 beidh 14,000 tionóntacht bhreise i gceist faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) chomh maith le 800 tionóntacht eile faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS). San iomlán, táthar ag súil gurb ionann caiteachas HAP na bliana seo chugainn agus €585m, a thacóidh le 66,000 tionóntacht HAP, táthar ag súil go mbeidh caiteachas RAS sa bhreis ar €130m a thacóidh le hos cionn 16,000 tionóntacht agus táthar ag súil gur ag €345m a bheidh caiteachas i leith an Chláir Caiteachais Reatha um Thithíocht Shóisialta (leasú) a thacóidh le hos cionn 26,000 tionóntacht.

Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lanpháirtíocht agus Óige

Is ionann an leithdháileadh caiteachais reatha foriomlán don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus €2.1 billiún le méadú bliain in aghaidh bliana nach mór 8% ar bhunchaiteachas reatha.

Tá an maoiniú breise tuairim is €78 milliún i ndáil le cúram leanaí dírithe ar inbhuanaitheacht a chur ar fáil do sholáthróirí, do thuismitheoirí agus do leanaí. Tá sruth maoinithe nua le cur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2022 a thacóidh le feabhais a chur ar chaighdeán seirbhísí trí sholáthróirí a chumasú baill foirne a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear baill foirne a bhfuil céim acu. Déanfar dhá leasú ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS). Leis an gcéad cheann, cuirfear síneadh leis an bhfóirdheontas uilíoch d'fhonn é a thabhairt do leanaí faoi 15 bliana ó mhí Mheán Fómhair 2022. Rachaidh sé seo chun leasa suas le 40,000 leanbh. Leis an dara leasú, cuirfear deireadh leis an gcleachtas uaireanta a chaitear ar naíonra nó ar scoil a bhaint den teidlíocht chun uaireanta fóirdheonaithe NCS a fháil.

Ina theannta sin, cuirfear tuilleadh maoinithe ar fáil do Tusla chun tacú lena chuid oibre agus le haghaidh Cóiríocht Iarrthóirí Cosanta Idirnáisiúnta lena n-áirítear leasuithe a leagtar amach sa Pháipéar Bán a chur i bhfeidhm chun Seirbhís Tacaíochta Cosanta Idirnáisiúnta nua a bhunú.

Oideachas

Tá os cionn €8.4 billiún á chur ar fáil d'earnáil Oideachais na tíre i maoiniú caiteachais reatha in 2022. Áirítear air seo méadú os cionn 5½% ar bhunchaiteachas reatha.

Leis seo, ligfear dúinn aghaidh a thabhairt ar bhrúnna déimeagrafacha a thagann chun cinn de bharr athruithe ar dhaonra na tíre agus cuirfear poist bhreise ar fáil leis i gcóras na scoileanna. Áirítear air seo:

- 350 múinteoir breise chun sceidil soláthair foirne i scoileanna a laghdú 1 pointe do gach uile bunscoil;
- 980 Múinteoir Riachtanas Speisialta sa bhreis;
- 1,165 Cúntóir Riachtanas Speisialta sa bhreis, a fhágfaidh go mbeidh beagnach 19,200 Cúntóir Riachtanas Speisialta ann san iomlán.

Le soláthar na bpríomhsheirbhísí seo, leanfar de thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ag gach leibhéal den chóras Oideachais, lena n-áirítear trí thús áite a thabhairt don Oideachas Speisialta agus trí mhéadú a chur ar an líon scoileanna agus leanaí dá dtabharfar tacaíocht leis an gclár DEIS. Chomh maith leis an mbunmhaoiniú, tá maoiniú beagnach €0.1 billiún leagtha amach chun tacú le freagairt scoileanna ar Covid-19, le maoiniú breise de mhéid comhchosúil curtha i leataobh i gcúlchiste teagmhais.

Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Tá leithdháileadh caiteachais reatha nach mór €3.2 billiún á chur ar fáil don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus méadú os cionn 5% ar mhaoiniú buncaiteachais reatha.

Déanfar an méid seo a leanas leis an infheistíocht bhreise seo in Ardoideachas:

- Áiteanna breise a chur ar fáil chun dul i ngleic le brúnna déimeagrafacha lena n-áirítear 3,320 áit chun freastal ar an éileamh suntasach atá ag eascairt ó Ardteistiméireacht na bliana seo;
- Cinnte a dhéanamh go leanfar le 1,500 áit chun an t-éileamh mór ar chúrsaí Springboard a shásamh;
- €35m a chur ar fáil le haghaidh tacaíochtaí mac léinn faoin Scéim um Dheontais do Mhic Léinn lena n-áirítear na mic léinn sin a raibh tionchar ag Covid orthu;
- an tobhach Iar-Ardteistiméireachta €200 a chur ar ceal; agus
- mhaoiniú a chur ar fáil chun tacú leis an straitéis nua 10 mbliana Lítearthacht d'Aosaigh don Saol

Maoiniú breise do Thaighde agus Nuálaíocht lena n-áirítear:

- tacú le Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Clár Náisiúnta Mórdhúshlán a chur i bhfeidhm;
- tacú le barr feabhais i ndáil le tallann, eolas agus rannpháirtíocht taighde tríd an gComhairle um Thaighde in Éirinn

Dlí agus Ceart

Áirítear sa réimse Dlí agus Cirt maoirseacht a dhéanamh ar phóilíneacht agus ar sheachadadh seirbhísí ar fud chóras na gcúirteanna, i bpríosúin agus tríd an nGarda Síochána. Tá an Rialtas ag gealladh caiteachas reatha €2.9 billiún don earnáil seo in 2022, le méadú breis is 5% ar bhunchaiteachas reatha. Leis an infheistíocht sin déanfar soláthar chun:

- suas le 800 Garda nua faoi oiliúint a earcú;
- 400 ball foirne sibhialtaigh nua Garda a earcú;
- an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óige a seoladh le gairid a chur i bhfeidhm;
- seirbhísí breise a chur ar fáil chun tacú le híospartaigh leochaileacha agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe;
- sainfhoireann agus foireann theicniúil bhreise a chur ar fáil sa Choimisiún Cosanta Sonraí;
- tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil don tSeirbhís Chúirteanna chun Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna a bhrú chun cinn; agus
- seirbhísí níos fearr do phríosúnaithe a chur ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí Leighis, Meabhairshláinte agus Síceolaíochta

Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

D'imir an phaindéim tionchar díréireach ar na hearnálacha seo. Léirítear an gá atá le leanúint le tacaíochtaí spriocdhírthe a bhaineann le Covid in 2022 sa leithdháileadh foriomlán beagnach €1.2 billiún agus tá €194 milliún curtha ar fáil do bhearta chun freagairt a thabhairt ar thionchar na paindéime.

Cuideoidh maoiniú in 2022 chun tionscal na turasóireachta a choinneáil agus acmhainn a fhorbairt; cinnteofar go gcoinnítear na healaíona, tionscail closamhairc agus Institiúidí Náisiúnta Cultúir atá againn ag imeacht; tacaíochtaí a chur ar fáil d'imeachtaí siamsaíochta ar fud na tíre; tacaíocht níos mó a chur ar fáil don Ghaeltacht agus earnáil na Gaeilge; leanfar de thacú leis an earnáil spórt agus saol spóirt na hÉireann a choinneáil ag imeacht; agus tacaíocht a mhéadú don earnáil craoltóireachta agus meán atá againn.

Tá maoiniú foriomlán leagtha amach chun gach réimse a fhás agus a fhorbairt agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na hearnálacha is mó atá thíos leis le téarnamh a dhéanamh agus iad ag teacht chucu féin tar éis na Paindéime COVID-19.

Tugtar freagairt leanúnach agus dírithe ar na dúshláin a chuir an phaindéim Covid-19 roimh na hearnálacha seo leis an maoiniú breise atá leithdháilte ag an Rialtas ina chinntí maidir le Buiséad agus Meastacháin 2022, chomh maith lena n-inbhuanaitheacht, inmharthanacht agus forbairt leanúnach a chinntiú.